

CEAHT 4

Jim Larkin agus
Frithdhúnadh 1913



CEAIGHT 4

Jim Larkin agus Frithdhúnadh 1913

Ábhar: Stair **Snáithe:** Polaitíocht, Coimhlint agus an tSochaí

Snáithaonad: Réabhlóid agus athrú i Meiriceá, sa Fhrainc agus in Éirinn

Cuspóirí Foghlama:

Cuirfear ar chumas an linbh:

- Tabhairt faoi staidéir shimplí ar chuid de na gnéithe is tábhachtaí de thréimhsí ina raibh tionchar tábhachtach ag athruithe nó gluaiseachtaí polaitiúla ar shaol daoine in Éirinn.
- Léargas a fháil ar dhearcadh agus ar ghníomhartha daoine in Éirinn na linne
- Tuiscint shimplí ar dhearcadh, ar chreidimh, ar inspreagadh agus ar ghníomhartha daoine aonair agus grúpaí éagsúla san am atá thart a iniúchadh

Acmhainní

- Cur i láthair PowerPoint 4: *Jim Larkin agus Frithdhúnadh 1913*
- Alt Nuachtáin: *Tuairisceoir Cathrach*
- Físeán - [The Lockout Special](#), RTÉ Nationwide
- Féach ar nótaí sleamhnáin thíos

Tús

- Déan athbhreithniú ar chairt agus ábhar ETF. Cuir ceisteanna ar na daltaí bunaithe ar Cheacht 3. Tugann sé sin deis freisin cur leis an gcairt ETF, céimeanna 1 agus 2

Forbairt

- Tosaigh an taispeántas PowerPoint *Jim Larkin agus Frithdhúnadh 1913* agus cuir Jim Larkin i láthair mar charachtar ón am sin (Sleamhnán 2)
- Mínigh mar a tháinig forbairt ar a ról ó thaobh oibríthe a eagrú go luath sna 1900idí agus tosaigh ar scéal Fhrithdhúnadh 1913 a iniúchadh trí phlé agus trí cheistiú (Sleamhnán 3-5)
- Féach ar an bhfíseán, *The Lockout Special*, RTÉ Nationwide, chun tacú le faisnéis ón taispeántas PowerPoint. (Tá an físeán 16 nóiméad ar fad; b'fhéidir gur mhaith leis an múinteoir gan ach cuid de a thaispeáint ag brath ar chúinsí a ranga féin).



Clabhsúr

- Alt Nuachtáin – *Tuairisceoir Cathrach*: Mar rang iomlán, léigh an t-alt nuachtáin faoi Frithdhúnadh 1913 agus freagair na ceisteanna tuisceana (Duine Aonair, Obair Bheirte, nó Obair Ghrúpa)

Measúnú

- Breathnóireacht Múinteora
- Ceisteanna ó bhéal
- Ceisteanna tuisceana
- Cairt ETF

Nótaí Sleamhnáin

Sleamhnán 2

Spreag na daltaí chun naisc a dhéanamh idir an smaoineamh sin de Jim Larkin agus é ag fás aníos faoi bhochtaineacht agus na híomhánna sna ceachtanna roimhe seo, saol na ndaoine sna grianghraif sin agus na dálaí a raibh siad ina gcónaí fúthu

Cad is stailc ann? – béim á leagan ar choincheap na comhghníomhaíochta

'Gluaiseacht na gCeardchumann' – naisc a dhéanamh le ceachtanna roimhe seo agus coincheap na gcomharchumann daonlathach ar féidir leo seasaimh a ghlacadh, dul i mbun gnímh agus seasamh le chéile i ndlúthpháirtíocht chun daoine eile a chosaint

Sleamhnán 3

Dírigh ar an bhfocal 'eagraigh' – cad a chiallaíonn sé sa chiall a bhaineann le gníomhaíocht na gceardchumann?

D'fhéadfadh sé tarlú go mbítear ag caitheamh go héagórach le formhór na n-oibrithe in earnáil ar leith (m.sh. dugairí, múinteoirí, tiománaithe bus, altráí) agus nach bhfuil siad sásta faoi sin. Is féidir leis an ngrúpa leas a bhaint as a míshástacht nó a bhfearg chomhchoiteann chun athrú a dhéanamh ach iad féin a eagrú – a bhíonn níos éascú a dhéanamh má bhíonn ceardchumann ann.

Bíonn comhghníomhaíochtaí atá eagraithe nó éilimh a chuirtear in iúl i gcomhpháirt níos láidre ná iad a chur in iúl go leithleach.

Sleamhnán 4

Spreag na daltaí chun iad féin a shamhlú i gcás na n-oibrithe agus 'na gceannasaithe'. D'fhéadfadh buntáistí agus míbhuntáistí na gceardchumann a bheith difriúil. Mar shampla, is féidir le húinéir cuideachta breathnú ar cheardchumann ar go leor bealaí. Is féidir breathnú orthu mar bhac ar dhálaí pá do chuid oibrithe a rialú, ach má thugtar cead do cheardchumann a bheith ann agus, níos tábhachtaí fós, má thugtar aitheantas dóibh, tuigfidh na hoibrithe go bhfuil meas agat orthu. Má



bhraitheann oibrithe go dtabharfar éisteacht dóibh, go mbeidh ionchur acu, go mbeidh úinéireacht acu ar a bpá agus ar a ndálaí oibre, is mó seans go mbeidh siad dílis, go n-oibreoidh siad níos crua agus go léireoidh siad meas ar an mbainistíocht.

Dírigh ar an tábhacht a bhain leis an mbealach a léiríodh an 'frithdhúnadh'. Le fírinne, ní raibh na hoibrithe ag dul chun na hoibre – an gníomh tionsclaíochta a rinne siad ná a gcuid saothair a tharraingt siar, ach chuir Larkin an scéal bunoscionn chun an milleán a chur ar an mbainistíocht agus ar na húnéirí. Cuirtear i láthair go mbaineann an dul i mbun oibre le hobair chuibhiúil a dhéanamh ar phá cuibhiúil seachas le teacht i láthair ag an ionad oibre agus sin amháin.

Sleamhnán 5

Spreag na páistí le machnamh a dhéanamh ar an toradh – níor tharla aon athruithe móra sa ghearrthéarma, ach, mar gheall ar ghníomhaíocht chomhchoiteann eagraithe na n-oibrithe, tháinig méadú ar fheasacht, ar fhás agus ar thionchar na gceardchumann as sin amach. Cé nár tharla sé láithreach, chuir a ngníomhaíocht chomhchoiteann le próiseas atá i ndiaidh feabhas a chur ar phá agus ar dhálaí oibrithe le himeacht ama. Tá an próiseas seo ar siúl fós sa lá atá inniu ann, agus é mar aidhm aige an méid atá bainte amach a chosaint agus dul i mbun feachtasaíochta le haghaidh tuilleadh feabhsuithe.

